[1] Murphy MSS., Vol. 83, pp. 99-145.

de bhíg nach bruil mo béal glan." Agus an tan tug sé an marla dó séin deirtear go dtáinig aingeal dá ionnsuige agus caor dearg i mbéal teanchaire aige i n-a láimh, agus d'iompuig sé an chaor isteig 'n-a béal, ar mod go ndearna sé dionghálta é cum Dia do sholadh.

A cáirde ghrádhacha, do-chimid-ne an Dia céadna úd imdu, Iosa Criost, ár Slánuigtheoir. Ní 'na fuide i gcathaoir ghlórmhair atá sé, act i n-a fearaim ar trí taimgíb i gcrann na croise. Ní gsiathain aingeal do-chím ag folchadh a ghnúise agus a aigte, act é lán de fmugairdib na gceirtearnach ndiablaide, malluigte, 7 cóta amadáin air ag folchadh a chuirp agus a chos, ag gabáil 'na ball magairt agus fonnmóide tré chathair mhóir Ierúsalem, agus an cóta sin ag teangbáil fá n-a choraib, dá leagadh ar a béal agus ar a ghnúis i lathaig 7 i lábán na gnáide. Ní fogair aingluide do-chluinim ag teacht i n-a timcheall ag rádh: "Ir naomhta, naomhta, naomhta ainm an Tigearna, Dia na sluag," act fuaim 7 bhiorgarnach alt chuirp mo Shlánuigtheora dá tarmaing ar cuibreach a bhréagh agus a bréitheach leis an fíneadh tuga dir i gcrann na croiche. 'Sé nídh do-chluinim uplabra na n-órd ag bualadh bara, corra, agus troigte mo Slánuigtheora ag an g-cineadh lúdaigeach ag rádh gan stad: *Tolle, Tolle, crucifige eum* (Eoin xix. 15). "Tóg, tóg, croch, croch, buail, buail, daob, daob, marb, marb an bitheamhnach." Ní corónn ghlórmhar do-chím fá n-a cheann, act corónn sphine .i. dornán mór de theilgnib géara ag pollad a chinn go cnámh agus go h-inchinn. Ní h-é an tairbeánadh a fuair Peadar, Séamar, agus Eoin ar Shliabh Tábor, an áit a dtáinig Maoise agus Eilias 'na gceann, agus do chonnacadar ár Slánuigtheoir lán de dhealladh agus

de ghlóire. *Et resplenduit facies eius sicut sol, vestimenta autem eius facta sunt alba sicut nix . . . . Et ecce vox de nube, dicens: Hic est Filius meus dilectus, in quo mihi bene complacui: ipsum audite.* "Agus do lonnruig a aghaidh mar an ngréin 7 do déineadh a éadaigh bán mar an sneachta . . . . . Agus féachaidh, táinig guth ó neamh ag rádh: 'Is é seo mo Mac dílis do rótaitneigeann liom; éisdidh leis-sean'" (Mata xvii. 2-5). Do-chím inniu, ní h-é deallramh na glóire nó na gréine i n-a gnúis, acht dath an ghuail agus é 'n-a chnocaibh dubha agus gorma. Ní h-é Maoise ná Eilias do-chím ag teacht 'na timcheall, acht biteamhnach ar gach gualainn de 7 eisean mar thear bitheamhnach i n-a lár nó eatorra isteach. Do-chluinim é féin go truaigh-mhéileach, bocht, ag gol ar an Athair fhorruidhe agus ag iomcharaidh fá n-a fhágbáil go bronach 'n-a aonar ar mhodh go gcualaidh neamh 7 talamh an sgreadach chruaidh chráidhte do leig sé ar, ag rádh: *Deus meus, Deus meus, ut quid dereliquisti me.* "A Dhia! Ó! a Dhia, chéad fá'n tréig agus ar fhéin tú mé innisin i n-aimsir mo riachtanais agus mo dhoghrainne" (Mata xxvii. 46). Ní chluinim guth an Athar ag teacht ór a chionn dá amháil mar Mac dó féin mar do sinne ar Sliabh Tábor; acht is é nidh do-chluinim innisin ar Sliabh Calbarí ag an g-cineadh lúdaigheach: *Vah, qui destruis templum Dei, et in triduo illud reaedificas, salva temetipsum; si Filius Dei es, descende de cruce.* "Fuch! Fuch! Fút a bhitheamhnaigh, nach tú adubairt go leagfá Teampall Dé agus go g-cuirfeá suas arís i trí laethe é? C'áit a bhfuilid do chomhachta anois? Sábáil tú féin, a bhoctáin. Tuisling ar an g-croich sin, má tá comhachta Mic Dé agat" (Mata xxvi. 40).

Do-chím an ceathar-dúile mar aon leis seo ar

:mioċnuġaḋ, na caiṁṁiġeaċa ag ṡcoltaḋ, na cuiṁṗ maiṙḃa ag éiṁḋe ar tuambaiṙe, agur an raoġal uile i n-aoin ṁeall ċeoiġ agur deataiġ le h-uaċḃár ṡá bár agur ṡá ṗáir mo Ślánuiġteora, ar ṁoḋ ġur ṡéiṙiṁ liom-ṡa a ṡáḋ mar ḋubairt an ṡáiḋ Isaiar: *Vae mihi, quia tacui, quia vir pollutus labiis ego sum* (Isaiar vi. 5). Mairg daṁ-ṡa, darab éigean beiṫ im' ṫoċt de bṁíġ naċ dtig liom ṡcaiṁ páire mo Ślánuiġteora do ċur i ġcéill! Is móṁ do béaḋ d'feiṙim orm an teanċair úd do ṫáiniġ ṡá ḋéin Isaiar do ṫeaċt ċugam, do ġlanṡaḋ mo béal ṡul naċainn do ċuaiṙuġaḋ na neiṫe ṙeo roṁam, go ṡreiṙialta de bṁíġ naċ bṡuil ṡíor agam cia ar a dtiubṙad m'aġaiḋ inoiu ag Iaiṁṁaiḋ conġnaiṁ ġṁár. Ní h-ionntaoiḃ ḋam, dar leat, an t-aṫair neaṁḋa do ṫairḃeáin an oiṁead ṁin de ḋroċ-aġaiḋ dá Aon-Mac, ġé ġur ḋoiṁt ré allaṫ ṡola i n-a ṡiaḋnaiṙe, agur ġur ġuiḋ ré é trí h-uaiṙe 'ran nġáiṙdin ag Iaiṁṁaiḋ cailiġ na páiṙe do ċur ṫaiṁiṙ: *Pater mi, si possibile est, transeat a me calix iste.* "A Aṫair, má'ṙ féidiṁ é, deonuiġ an ṫailiġ ṙeo do ċur ṫaṁ" (Maṫa xxvi. 39). Agur níor b'áil leiṙ aon ṡocal ṡuṁṫaṫa do ṫabairt dó. Is deacair ḋam aġaiḋ do ṫabairt ar an Mac féin, óiṁ ní ṡuil duine ar biṫ ar mó atá i bṡeiḋm ṡuṁṫaṫa 'ná é féin, 7 ġan é dá ṡaġḃáil. Ní ṡuiaṙ ḋam aġaiḋ do ṫabairt ar an Sṙiorad Naoṁ le h-aṁuinn d'Iaiṁṁaiḋ aiṁ, óiṁ is é ṡuṁṫaṫ ċuġ ṙé do'n dara peaṁṙain de'n Tṙionóid: *Nec cogitatis quia expedit vobis ut unus moriatur homo pro populo et non tota gens pereat* .i. "Is cóṁa aon duine aṁáin do ċur ċum báiṙ 'ná cáṫ uile do ḋaṁnuġaḋ" (Eoin xi. 50). Is deacair ḋam aġaiḋ do ṫabairt ar na h-ainġil, óiṁ ní ṡuil riaṫ féin aċt ag ġol agur ag ġárṫa agur ag ġairm coimirce. Is ró-annaṁ taoḃuiġeaṙ ṙeanmóiriúṫe

ar bit Muire Máthair féin inniu mar ar gnát ar uairib eile, de bríg gur deacair athcuinge d'iarraid ar mnaoi boicht mar í ar tórraim a h-Aoin-Mic. Ní raib Muire againn riamh go dtí an uair i n-ar céadaid é act i n-a h-eochair le h-aghaid forbtheach óir-chirte na nglár d'fhorgailt, mar adeir an buaball milir-bhriathrach San Bearnard: *Nihil nobis Deus voluit dare nisi per manus Mariae transveniret.* "Níor b'áil le Criost aoin tiodhlaicthe do leigean cugainn act tré lámaib na Maighdine Muire." Mairg, ni fuil riachtanach againn inniu leir an eochair seo, mar deir an Bearnard céadna. *Quia clavus penetrans factus est clavis reserans.* Do rinneadh eochair de na tairngíbh do buaileadh i gcoraib agus i lámaib mo Shlánuighthora agus de'n tríleag le'n forgladh a thaobh agus do leigeadh óir-chirte na nglár béal ruar rá'n raoghal; ar mhoid, mar leat, ní fuil eochair de riachtanach orainn; óir nuair bhitear arís nó córra ní fuil eochair de riachtanach ar aon duine cum aoin níd dá bhfuil istigh ann do bhuain ar. Mairg, do bhiteadh córra cuimir an Choimhdeadh inniu. Níor fágadh aon ball slán 'ran aird naomhta seo na nglár .i. Criost, ár Slánuighthoir, mar adeir Isaiar 'ran chéad chaibidil: *A planta pedis usque ad verticem capitis non est in eo sanitas* (Rann 6). Atáid ná gláraibh béal ruar ar mhoid, mar leat, nach bhfuil riachtanach againn le Muire mar eochair, gidheadh, d'aimhdeoin a nuabaist mé, ní leigfidh mé dhíom aghaidh do thabairt ort inniu, a Muire, de bríg mar nodhig, nach noiúltóchaidh tú rinn rá impidhe do chur ar t-Aoin-Mic gláraibh do dheanamh orainn agus rá chuidiughadh deor le d'Aon-Mhac milir do chaoineadh; agus, dá bríg sin, leigimir uile sinn féin ar ar nglúinibh, agus abhramaoir fáilte an aingil Gabriel do Muire: *Ave Maria, etc.*

Christus dedit semetipsum pro nobis, ut nos redimeret ab omni iniquitate, et mundaret sibi populum acceptabilem sectatorem bonorum operum. "Do ċoirbir Críost é féin ar ár son, ionnas go bruargliocaḋ ré sinn ó'n uile olc, 7 go nglanfaḋ ré sinn mar ḟobal ró-ṫaitneamaċ, agus mar luċt leanamna ḋó féin" (Titus ii. 14). Is mó an mear, a ċáirde, bíos ioir ḋaoine glice nó críonna ar an intinn le n-a dtugann duine tiodlaicte nó taḃairt uaiḋ, 'ná an mear baḋ ċóir do beiṫ ar an nid féin; de brig gur mó an buideaċar do béaḋ ag an uile ḋuine críonna nó céilliḋe ar tiodlaicthib dá laiġeaḋ do ġeoḃaḋ ré le deaġ-toil nó le deaġ-aġaiḋ, 'ná ar bronntar dá ṁéaḋ do ġeoḃaḋ ré go diúltuiġteaċ nó go ceaṙaċtaċ. Dá brig sin, nior leor le Críost,ár Slánuiġteoir, a dtug ré de tiodlaicthib suaṁ do'n ċineaḋ daonna ó ṫoraċ ċruṫuiġte an domain go dtí an lá 'n-ar ṡineaḋ ar ċrann na croiṙe céaḋa é, gan a bár 7 a beaṫa do ṫaḃairt ar ár son; agus d'eagla go ṡilfiḋe naċ le deaġ-toil nó le deaġ-aġaiḋ do béarfaḋ ré a bár ar ár son, d'fógair an bollṙcaire beannuiġte, Doċtúir na g-Cineaḋaċ agus ṙeaṙmóntuiḋe na Fírinne .i. Pól, ag ráḋ de ġuṫ áno, mór, ḟolur-ġlan: *Christus dedit semetipsum pro nobis.* "Do ċoirbir ré é féin ar ár son de ḋeoin a ċroiḋe 7 a intinne," aṁail a déarfaḋ ré go foilléir: "An bruil a ḟior agaiḃ, a ḟíol Áḋaiṁ, céaḋ é an t-áḋḃar ar ṫeiṫ Críost do'n Eigipt 7 nár ḟulaing ré an bár ar bur son nuair do bí an Rig Ioṁuaiḋ dá iarraiḋ ḟul d'fág ré a ċliaḃán nó a ċrior ceangail? An bruil a ḟior agaiḃ céaḋ é an t-áḋḃar nár ḟulaing ré do na ṙṙionnṙaiḃ nó do ṙgriobnóiriḃ an ḟobail a ġaḃáil 7 a ṁonca do ċuiṙeaḋar cuige? Aon áḋḃar aṁáin go gcineaṙálta do

bí aige leis: *Nondum venit hora mea* (Eoin ii. 4); de bhríg nach dtáinig an uair ar mhéid leis bár d'fhulang. Giodh, indiu,—*Sciens Iesus quia venit hora eius, ut transeat ex hoc mundo ad Patrem* (Eoin xii. 1),—do bí a fhios aige indiu go dtáinig an uair ar mhéid dó bár d'fhulang, flaitheamhnas d'orgladh, 7 an cineadh daonna, do bí le h-uchd an domain tuilleadh 7 ceithre míle bliadhan, do leigean isteach, Dá bhríg sin, ionnas gur mhóide dhuit m-buidheachas ar Chríost adeir Pól: *Dedit semetipsum pro nobis.* "Do thoirbir sé é féin de dheoin a chroidhe 7 a intinne ar ár son." Ó! a cháirde, is aithbéil méadh an ghrádha so agus na trócaire do thairbeáin ár Slánuigtheoir dúinn 'san toirbirt naomhta so do sinne sé air féin do láimh a náimhdhe ar ár son, óir i n-aimsir na toirbirte seo do bí a fhios aige go maith go g-coimh-lionfadh sé gach aithis agus imdheargadh, gach masla 7 gach mío-mhodh, gach páis agus gach pianódh dár neamh-páidheadar na páidhe do theangmháil dó, mar admhuigear sé féin as Lúcás Soisgéalaidhe: *Ecce ascendimus Ierosolymam, et consummabuntur omnia quae scripta sunt per prophetas de Filio hominis.* "Féachaig, atáim ag dul go h-Ierúsalem ionnas go dtiocfadh bhriathra an fháig isteach dom' thaobh-se" (Caib xviii. Rann 31). Do chuir sé, dá bhríg sin, beirt de na h-abstalaibh chum na cathrach ag páidh an cháisg d'ullmhughadh roimhe féin 7 an fuiréar déidheanach.

Adeir an t-Athair naomhta Bonaventura gur fhan Chríost amuigh, an fead do bí fiadh sin istigh, ag caint le n-a Mháthair, ag rádh mar seo: "A Mháthair ró-mhilis, ní fuil amhras agam-sa 'san méadh d'fhulaingis ar mo shon le trí bliadhna déag ar fichid i dtíoghtaibh fuara, coimhgheacha, ag seitheamh liom ó áit go h-áit, dom' dhíon ar inghreidhm, ar bhuadhairt, ar líontaibh agus ar cheal-

gaib mo náṁad; dá brís rin, ní fuilim-re doṁ díombuideac rin nac dtiubhsim méad na h-oibliogáide do chuir tú orm. Anoir, a Buime agus a Mháthair, bíodh a fíor agat go dtáinig an uair do réir tola m'Athar 'n-ar cóir damh-ra bás agus páir d'fulang ar son na h-Athdaṁ-chloinne. Do-chíridh tusa, dá réir seo, mire i mbáthadh ar athghnáth cuma agus ceangailte mar bhitheamhnach le hórdaibh ró-dhigne, cruadha, caola, cnáibe, go leor dorn dá mbualadh orm; corróin fsine ar mullach mo chinn agus mé dom' éadadh mar shógaire. 'Na diaidh seo chídh tú marbh mé idir do dá láimh féin, agus gan comhacta agat fuirtacht ar bith do thabairt dam. Dá bhrís rin, ar an ádhbar gurab é seo mo dhomhadh déidheanach leat, tabair dam do beannacht, agus guidim tú ar uchd m'Athar beith foighdeach agus do thoil do chur do réir tola m'Athar, fá bás d'fhágbáil damh-ra ar son an chinidh daonna." D'fhreagair Muire é ag rádh: "A Mhic mh'anma agus mo chroidhe, a dhalta m'uchta agus áilleáin mo shúl, agus a shúg mo chloch, d'umhluigh riamh do do Mháthair; a dhompánaigh agus a chuideachta, ir truagh liom-sa an riocht rin i n-a mbéidh tusa. Ní féidir, a Mhic na nghrás, go bhfeicfidh na súile seo agam-sa tusa ar do shíneadh i gcrann na páine agus tairngidhe ceann-ghalbha ag péabadh do ball, agus tabairt anoir bás dam sul do-chídeadh rin. Agus de bhrís go bhfuil fíor méad do chumair agam, fuargail an cineadh daonna ar shlighe éigin eile, agus gan do bás do thabairt agus mo bás-sa mar aon leat. Má dhóuigh an t-Athair neamhda do bás ó'n tsíorraidheadh mar dhíolaidheadh ar son cionta na noaoine, fág bás gan pian, gan céadadh, gan chroidhe."

D'fhreagair Iosa é ag rádh: "Ní fuil amhras, a Mháthair, gur dhóuigh Dia mo bás, agus, ionnas go

gcoimh-líonfainn a toil, go bfaghad an bár ar dtuaillidhe gur féidir do nádúir d'órdughadh; agus fós, ionnas go gcuirfinn méad mo ghrádha air an duine i gcéill, go bfulaingeochaidh mé an bár gháireamhail seo air a fon go foighdeach. Dá bríg sin, a Mháthair mhílir, bíodh an foighde ór cionn an uile fhubailce agat-sa, an nídh atá de riaradhas go mór ort cum na h-aimhsire atá romhat." "A Mhic mo chroidhe," ar sí, "ní mire a béas go brách contrárdha do toil an Athar fhíorfhaidhe, agus ó'n é a toil-sean do bár mar thíolaidheadh ar fon cionta na ndaoine, déanaim-se, mar an gcéadna, orrdail ar do chorp daonna go toilteanach do réir tola Dé; gidheadh, a Mhic na trócaire, is é do ghráidheas mo ghroidhe go fírinneach an feoil thiadha sin agat-sa as a dtug Dia le h-oibriughadh an Spioraid Naoimh foirm dheagh-mhaireach in mo bhroinn i a dtug mé oileamhain, beidh dá rianadh air mhodhaibh éagsamhla im' fhiadhnaise as an gcineadh lúdaigeach; agus, dá bríg sin, ionnas go bfaghainn rian mar aon leat, iarraim d'athchuinge ort, ar ucht a ndearna riamh do d'oileamhain, mé féin d'fhulang páirt mar aon leat i gcrann na páirte. Ní féidir nach mbéidh na tairngthe le bhfillfear cuirp, láidir fós, cum mire do chéaradh mar an gcéadna! Ní féidir nach bfaghaidh mire áit i n-éinfeacht i gcrann na páirte! Ní cuibhe dhuit, a Mhic na foillre, an té d'iomchair tú naoi míosa 'na bhroinn go noiúltóchtá í fá aon uair amháin i gcrann na páirte do' choimheadhacht."

Iar gcloss na mbriathar sin do Chríost do chuaidh faigheadh an doilghis do bí aige fá n-a Mháthair go croidhe ann, i as filleadh na súl le cruas uimhe aoibhinn: "A Mháthair mhílir, as seo an t-am agam-sa beidh as tuiall do choimh-líonadh tola m'Athar, agus de bríg nach féidir liom an athchuinge dheidheanach sin do thabhairt, i

fór, nár órduiġ m'Athair dam act mé féin amáin do
éarad ar fon an duine, tabair dam do beannacht,
agus de briġ nach féidir liom 'ran gcroic, ó'n fineadh
do-béarfaid na tairngirde orm, cromadh leo ċuġat-fa,
tabair dam do fóġ mar aon le do beannacht." Do
tóġ an Maiġdean ġlórmhar a fúile fuar ċum an Áird-
Ríoġ, 7 ċuġ a beannacht dó, dá fárġadh le n-a croidhe,
ag rádh: "Go mbeannuiġtear tú ó'n Tríonóid, a Mhic,
agus bíodh cuimhne agat orm-sa 'ran gcroic, 7 ní thréig-
fead-sa tusa go brách."

I ndiaidh an comhráidh thuaiġ-mhéiliġ seo do ġluair
sé le n-a deirgioblaibh ċum na caṫraċ ag rádh: *Desi-
derio desideravi hoc pascha manducare vobiscum ante-
quam patiar*;' sé sin le rádh, "Is mór an dúil atá agam
an cáirġ seo d'ithe lib ful má fulaingeochad" (Lúcás
xxii. 15).

Díodh a fíor agaibh, a cáirde gráduaċa, go raibh gnár
'ran aimsir seo ann uan cáirġe do marbadh agus dul
go teach a gcaithidh é, 7 le linn imtheachta do'n chineadh
Húdaiġeach i dtalamh na h-Eigipte fuil an uain do
ċuimilt d'urranaibh 7 d'fár-doras an tiġe; 7 do
ġeall sé féin go dtiocfadh sé an oidhche chéadna ag rádh:
*Percutiam omne primogenitum in terra Aegypti ab homine
usque ad pecus.* "Ní fágfaidh mé aoin chéid-ġein d'fear
ná mnaoi ná d'ainmhidhe ar fud na h-Eigipte uile gan
marbadh" (Eagosp xii. 12). *Erit autem sanguis vobis
in signum in aedibus in quibus eritis: et videbo
sanguinem et transibo vos.* "Béidh an fuil seo an uain
mar chomarta ar bur dtiġthibh-se, 7 an uair chífead-sa
an fuil, aithneochad gurab í sin bur n-áit-se agus
nochad tarraibh gan díoġbháil do théanamh díbh" (Eagos.
xii. 23). Ní raibh 'ran bruil nó 'ran uan so, a cáirde,
act síoġair, de bríġ gurab é chialluiġeadh sé an t-Uan

naomhta neamh-uilcóideach reo, Iosa Criost, ár Slánuigtheoir, dá ngoiltear Uan 'san Sgiurtiúir as Eoin: *Ecce Agnus Dei, ecce qui tollit peccatum mundi.* "Féachaid Uan Dé, féachaid an té a tógas peacadh an domhain" (Eoin i. 29). Do táinig do tógbáil peacaidhe an domhain. Do marbadh inniu mar uan cárrga é; agus is é ciallaigeas clann Israel do bí i nDaoirre agus i mbruid as Pháró, fiol Ádaimh do bí i nDaoirre agus i ngeibleach a bpeacaidhe as an diabal, 7 do ghell fé féin .i. Dia, go dtiocfadh fé go h-Eigipt as déanamh díoghaltais an traoghail ro orra. Ní raibh aoin níd dhíobh reo i bpolaic ar Iosa, óir do bí a fios aige go maith gurab é féin do marbhóchaidhe inniu mar uan cárrga, de bhrígh mar adeir fé féin: *Non veni solvere sed adimplere.* "Ní do bhriseadh an peactha táinig mise, acht d'á choimh-lionadh" (Mata v. 17). Dá bhrígh sin dubairt fé: *Desiderio desideravi hoc pascha manducare vobiscum antequam patiar.* "'Sé m'fhonn an cáirg reo d'ollmhughadh i nDun meairg 7 i nDun g-cuideachtain ful fulaingeochar mé an páis" (Lúc. xxii. 15).

Ionnas, a cáirde, go mbéadh fios fhaire na páise agaibh tuigid, iar n-éirighe ó'n fuipéar do Iosa, ár Slánuigtheoir, gur ghlac uirge 7 gur nigh cosa na n-abhdal uile, 7 i n-a diaidh sin gur beannuigh arán 7 go dtug dóibh é le n-a ithe .i. sacramaint a chuirp féin; 7 dus fé do lúdhar é féin mar cách, gé go raibh fios aige nach raibh fé ghlan chuige; agus mar nach raibh fios an uilc as cách níorbh áil leis a bhaith mar thréatúir as díultughadh a chuirp naomhta do thabairt dó; agus mar nach raibh feisean ullamh ghlan dó, mar badh dhleacht dó, do chuaid an diabal isteach ann ar an mball 'n-ar chaith fé é. Ní dheachas Dia d'foilliughadh ar a olc acht as rádh go geineamhlta: *Amen, dico vobis quia unus*

vestrum me traditurus est. "Deirim lib go bruil duine i nDur measg do braitfear mire do'n cineadh lúdaigeadh" (Mata xxvi. 21). Do glac gach aon acu uathan mór agus nachár ag rádh rá leit: *Numquid ego sum, Domine?* "An mire é, a Tigearna? Rá deoig, dubairt an tréatúir lúdár le fairceal go n-aitneochaide ar a tocht gurab é féin do déanfadh an feall: *Numquid ego sum, Rabbi? Ait illi: Tu dixisti.* "'An mire an té seo, a Máigirtir?' D'freagair Criost é ag rádh: 'Deir tú mar sin é'" (Mata xxvi. 25).

Ar an áit seo do gluair Iosa 7 na h-abstail go gáirdin Getsemani, agus do glac tuirse mór 7 eagla é ag rádh: *Tristis est anima mea usque ad mortem.* "Trom, tuirseach, dobrónach, atá m'anam go dti an bár" (Mata xxvi. 38). Do glac an colann daonna cnuchnugadh mór roimh méad na páine do bí rá n-a ceann, 7 do cuir allas sola dí. Agus iar mbeit do Iosa ag urnaige i brad, 7 an tóir ag imt cuige, dus ré agaid ar an Athair neamhda, ag rádh go tsuaig-méileach boct: *Pater mi, si non potest hic calix transire nisi bibam illum, fiat voluntas tua.* "A Athair, má tá nach féidir do'n cailís seo gabáil tharam gan mé d'ól airde, go ndéantar do toil-sa" (Mata xxvi. 42). Níor b'fada i n-a diaig sin go dtáinig lúdár agus an cineadh lúdaigeach leis, dá tabairt mar comharda dóib air tar cách, gurab é Iosa an té dá dtiubrad ré féin póg. O! a tréatúir mhalluigte, céard é méad do dánacta, póg do tabairt do'n té díolais leis an náimad ar deic brigimne ar fiche ad! Ó! a duine diabhlaide, cad é méad do díombuideachair, Mac Riog neimhe 7 talman, do bí 'na Máigirtir 7 'na Dionuigteoir agat leis an bratd seo, an té do nig do cora agus dus a fuil agus a feoil féin duit rá gné aráin agus fiona, ag rádh:

Hoc est corpus meum. "Is é seo mo corp-sa" (Mata xxvi. 26) do bhaid agat le póig ceilgeas mío-núnais as páid: *Quemcumque osculatus fuero, ipse est, tenete eum.* "Cibé duine dá dtiubhrad-sa póg, as sin an bitheamhnaċ 7 beirid air" (Mata xxvi. 48). Ann seo do fuaradar na laochrainn ar Mac Dé, ar sgáthán na n-aingeal, ar Áilleán Muire Máthair. Do ċeangladar le pórsáib caola, cruaidh, cnáibe, é, cuid aca dá bualadh le dóighnibh, cuid eile aca dá bhriúghadh le preabaibh, cuid eile as tarraing a fuilt agus a fionnsaid, 7 gurab é ar comhrádh do gach aon aca: *Ah! Insidiator! Ah! Mage! Ah! Samaritane!* "Ó! a thoċ-duine! Ó! a mheallthóir! Ó! a Samaritánigh! Anois, tá tú againn, go deimhin do-bhéarthar díolaigeaċt dúinn i ngaċ nídh dá ndearnais go h-éigceart i n-aghaidh an peaċta."

Ó! a Áigh-Rígh neimhe agus na cruinne go léir, is agat féin amháin atá fíor céadh é méad na péine d'fhulaing an Mac thócaisteaċ an uair seo; ar mhaidh an dronn bad dílse dó ar domhan .i. na h-abraill, gur ċeiteadar uaidh, an uair dáinig briathra Chríosd isteaċ ar Peadar: *Amen, dico tibi, quia in hac nocte, antequam gallus cantet, ter me negabis.* "Amen, adeirim leat go réamhraidh tú mé trí h-uaire roimh ghlaodhaċ do'n choileaċ anocht" (Mata xxvi. 34). Bheathuighidh, a dáithe, méad na péine d'fhulaing an Mac thócaisteaċ! Ní h-é sin amháin, acht iar dteaċt do Láthair Annas do bí 'na árd-phriomhra, do bhuail fear de'n ċineadh lúdaigeaċ dorn air do ghabh go sroighe é, rá ċonn mar adubairt ré leis an bhriomhra ceist do ċur ar an muinntir do bí ag éisteaċt le n-a theagasg go laethe-mhail agus gan ceist do ċur air féin. Ó! a Árd-Rígh na cruinne, is foighdeaċ d'fhulaing tusa seo cé gur ghabh ré tú go cnámh as nádh go ciuin macánta: *Si male*

locutus sum, testimonium perhibe de malo: si autem bene, quid me caedis. "Má labhar droch-ruo, tabair fiadhnaise ar an droch-ruo, acht má labhar deagh-ruo, cad é an fáth gur buaileir mé" (Eoin xviii. 23)? Do bain an phionnra Annas cuigrin ar na briathraib seo Chriost, agus de bhíg nach bfuair coir bár air, do chuir uaidh féin é go Caipheas—fear eile de phionnraíb an phobail. Díodh a fhior agaibh gur go docamhlach do cuireadh é fá dhéin Caipheas, ar mhodh nach raibh rian ná cuibreas, dar leat, 'san gcéad phéin do bí air reas mar do bí anoir ag teacht cum an dara duine le n-a fheicsin. Nior b'é seo an bhreitheamh thródaireas leis an nduine mbocht do chonnaic ré ar choirte anma, acht, ar an mball, fiadhnaise d'iarraidh i n-a aghaidh. D'éirgeadar beirt d'fiadhnaisibh bréige ag dearbhughadh go nduibairt Criost: *Possum destruere templum Dei et post triduum reaedificare illud.* "Ir féidir liom Teampall de do mhilleadh 7 é do chur ar bun i gceann trí laethe arís" (Matha xxvi. 61). Nior leor leis an mbreitheamh tiorántha so sin gan é féin do chur ceiste air, ar b'é Mac Dé é? D'fhreagair Criost gan mhoill ag ráth: *Amodo videbitis Filium hominis sedentem a dextris virtutis Dei et venientem in nubibus coeli.* "Deirim libh go breicrid sibh mise ag teacht de dheaf láimh m'Athar ag déanamh breitheamhnais ar bheathaibh 7 ar mharbh" (Matha xxvi. 64). Do phreab an breitheamh tiorántha ag ráth: *Blasphemavit, quid adhuc egemus testibus? Ecce nunc audistis blasphemiam. Quid vobis videtur?* "Do sinne an mealltóir seo dia-mharbh. Chéad ar fiachanaibh fiadhnaise fearta? Chéad aoibh sibh leis" (Matha xxvi. 65-66)? D'fhreagair an coirte mío-choingharach é ag ráth: *Reus est mortis.* "Tá sé cionntach, do thuill sé a bhárughadh." Tá sé tligte, ar

an mball, gan truaig, gan taire, gan trócaire! Do gabadar de feiliúde i n-a éadan air agus de dóirnid i n-a ceann ag rád: *Prophetiza, quis est qui te percussit?* "A Biteamnaig, do innse tú Mac Dé díot féin, taingair cia buail tú" (Lúcás xxii. 64). Iar mbeit dóib mar seo go meadón-oidce do ceangladar do colmuin cloicde é, 7 do griúrráladar gan moill é.

Dearbuigeann San Ieróm nad féidir d'aon duine dár cruthuig Dia méad na péine d'fulaing an Mac trócaireach an oidce sin do cur i g-céill nó go dtigidré féin lá an bheathamnair déideanaig: *Passio quam Dominus ea nocte sustinuit nunquam perfecte cognoscetur nisi in die iudicii.*

Ar maidin sinneadar comairle a cur ceangailte cum árd-uachtaráin na mbreitheamhan uile .i. Pioláit. Iar gcloig do Pioláit gurab ó'n nGailili táinig sé do cuir sé uaid féin go h-Ioruaid é, do bí 'na phionnsa i gcúige na Gailili. Ní raib acht mear amadáin ag an bfear seo ar Iosa 7 cuig sé rá dearsa orra cóta bán amadáin do cur air agus a cur tar air go Pioláit arís. Ó! a Árd-Rig an domain, is truag an bail seo ar d'Aon-Mac trócaireach! Ó breitheamh go breitheamh, ó sinnse go sinnse, ó coirce go coirce, gan truag, gan trócaire ag aon díob leis an truagán bocht, acht méaduigid péine ag gach aon díob dá cur air. Iar dteacht do Láthair Pioláit, do mear Pioláit nár b'féidir dó féin breith an báir do thabairt air nuair nach bfuair sé coir báis i n-a leith, agus ionnas go leigfidís an cineadh lúdaigeach uatha é, d'fiafruig sé cia aca do béadh faoi Iosa nó Barabbas. Díod a fiosg agaib go raib gnár 'gan aimsir sin ann duine éigin de'n buidin do béadh irtig leigean amach i n-onóir na cárca. Do bí an fear so dá ngoirtí Barabbas 'na

nóġaipe, 'na rgriobadóip 7 'na ġabuibe. Do meap Pioláit ġurab é Iora d'iarrpadaoir do ċaopaḋ agur Barabbar do ċroċaḋ, agur adubairt: *Quem vultis dimittam vobis, Barabbam, an Iesum qui dicitur Christus.* "Cia aca ar mian lib go rgaoilfinn ċugaib? Barabbar nó Iora dá ngoiġeap Críort" (Maċa xxvii. 17)? D'fheagair riad-ran go h-árd, ag ráḋ: *Tolle hunc et dimitte nobis Barabbam.* "Croċ an feap reo agur leiġeam Barabbar ar" (Lúc. xxiii. 18). "An é bur dtoil bur Riġ féin do ċur ċum báir?" ar Pioláit. D'fheagair riad ag ráḋ: *Non habemus regem nisi Caesarem.* "Níl aon ríġ againn acċ Saepar" (Eoin xix. 15). Do ċlaon Pioláit le h-eagla an ríoġ talmaiḋe 7 ċuġ ré bpeiċeamnar báir ar Árd-Riġ neime 7 talman ag ráḋ: "*Accipite eum vos, et crucifigite.*" "Ag reo díb an biċeamnaċ agur cuipiḋ ċum báir é" (Eoin xix. 6). Ó! a bpiaċra malluiġċe, le'r cliġeaḋ Mac an Aċair fíorpaiḋe, ir mairġ béal ar a dtáimiġ rib! Ó! a bpiaċra diablaiḋe, le'r daopaḋ an ríréan i n-éagcóir, ir mairġ teanga do labair rib. Ó! a bpiaċra neamh-ċróicneaċa, le'r glacaḋ Saepar do roġa tar Iora, ir mairġ intleaċt do rmuain rib!

Do ġluaireadar gan moill go cnoc Calbaiġ, áit d'áiniċe do bí aca ċum crioċ-ḋaoine do ċur ċum báir, agur an ċroċ dá h-iomċar ag Críort, cé nár b'furar dó é, nó gur fáguiġeaḋ, fá ḋeoiġ, fúiċe é. Do cuireaḋ annrm iomċar na cnoiċe ar ḋuine áiniċe do caraḋ orra 'ran trliġiḋ, agur ní ar maiċe le Críort, acċ le h-eagla go bfaġaḋ ré bár fúiċe rul fá bfeicfeaḋ an doman dá ċéaraḋ go h-árd innte é. Níor leor ro gan coróin rpine do ċur ar a ċeann agur éaḋaċ maġaiḋ purpair. Ní péarlaiḋe ná cloċa uairle do bí 'ran gcoróin ro mar baḋ ċuiḃe do ċoróin mic ríoġ do.

beit innte; ní fceptep pioghóa tugaó i n-a láim dó map baó ghnáit le mac áipo-phionnpa, acc gap gioltaighe, agup các uile ag magaó paoi ag páó: *Ave, rex Iudaeorum, et dabant ei alapas.* "'Go mbeannuighear duit, a Rígh na n-Iúdaigheac,' i tugadap palltóga dó" (Eoin xix. 3). Breathnuighidh, a cáipde, méid na péine d'fulaing Íofa ap feaó na h-aimpipe feo, dá maplughaó agup dá imdeapgaó leip na fluaighteib ap an uile taob dhe, ag teacht 'na coinne le n-a mbuillíbh, le n-a n-upcapaibh ag páó: "An é feo an mealltóip? An é feo an bitheamhnac? Do pinne pé Mac Dé de féin; cpochaid, céadaid, paobaid, mapbuighidh é."

Iap dteacht go h-áit na cpoiche dóibh do tochail cuid aca an talamh 'n-a gcuimpighe an chpoc 'n-a fearamh. Do bí taipngidhe péid ag cuid aca. Do bí úipd le bualaó na dtaipngidhe ag cuid eile. Do cuipeaó Mac an Átha fíorpaidhe i gcpann na páipe agup taipnge i n-a láimh dheip ap ceann dí, agup map nár fhoich an lámh éli muipcíp an dara taipnge 'pan gceann eile leip an gcpadaó do pinne pé le méad doilghip na láimhe deipe, do tappaingeadap le pópaíb caola, cruadha, í go muipcíp an dara taipnge, agup map an gcéadna le n-a choraib; ap mhod nár fhágbadap alt ná péid ná cuiple 'na chorp nár paobadap, i nár bhpeadap ó céile. Ó! a chíorcaidhe chroidhe, féach a cuma! Ó! a chíorcaidhe nach truagh leat Mac Dé i duine gan cputh, gan fgéimh, gan gné, gan glaine. *Ecce homo.* "Ag feo an duine" (Eoin xix. 5)! dá céadaó ap fon peacaidhe na cruinne. *Ecce homo.* "Ag fo an duine" dá céadaó i gan aon tpnáid uime! A Muipe, atá fá dhun an bile, ag fo do céid-ghein cloinne, labaip fuil mapbtap é uile. Éipt anoip, a fobail chíorcamhail, le h-uall-dubaó na mná boicte. "A dalta m'uicta i a áilleáin mo fúil, ip

truag liom-sa an rioct sin a bruilir i m'fiaonaire duit' lot 7 duit' lán-marbad 7 duit' eorgairt 7 duit' tarrtaing ó céile gan dat, gan rséim! Ó, a compánaig ghráidig! An tú atá ann ar aon cor? Má'r tú, ní aitnigim tú. Muna breicinn féin duit' cur 'san rioct sin, ní creidfinn gur tú atá ann ó'n rioct sin 'n-ar cuimeadar an deirdeara mallughte mic-dhócaimeach tú. C'áit a bruil do blát nó do rséim? C'áit ar gab do dat nó do dealb, a daoinéaig 7 a céile? C'áit a ngeobad fearda? Ní daingean dam aon áit i d'éagmais. Ir mire an bean bocht agus an Máthair millte, gan athair, gan máthair, gan fear, gan ingean, gan mac, gan dalta, gan compánach. Uch! Uch! Ón! a Athair neamhda, ó nár féachair do d'Aon-Mac, ir truag nár féachair do'n mnaoi boicht 7 gan a cráid ar rad. Ó, a Mic mhilir, nach tú chuthaig neamh agus talamh agus do cuir a bruil ionnta 7 eatorra de chréatúiribh? Nach tú ceann na n-aingeal 7 na mbaoine, 7 tú anoir i gcrann na páirce gan mirneach? Ir truag an t-athair so d'éirig duit inniu a ghnúis álainn, oirdeirc, do chleacht beit i m'uct-sa, atá ag dealgaib chine dá pollad go h-inchinn: na cluasa d'éirtigeadh leir na bhiathra úd an aingil: *Benedictus qui venit in nomine Domini.* 'Ir beannuighte an té dig i n-ainm an Tigearna' (Matha xxi. 9), agus d'éirtigeadh gach nóiméad leir na h-aingil ag rádh: 'Naomhta, Naomhta, Naomhta, ainm an Tigearna, Dia na sluag'; atáid inniu ag éirteacht le 'Tóg, tóg, croch, croch, raob, raob, buail, buail, marb, marb an bitheamhnach'; an béal bud mhire 'ná an mil, gan de dig aige act domblar agus finéagra; na lámha láidire le'r b'féidir an domhan mór do chaoid i nóiméad uaire, iad dá bpollad go teann; an corp do b'áilne 'ná an ghrian nior duibe

'ná gual gabann 7 'na cnocaib duba ó láṁaib laoiann! Uċ! a Mic m'anma, do ċréig d'Aṫair féin tú! Do ċeiṫ do ċeirgiobail uaiṫ! Níl bean do finne ná do ċaointe agaṫ. Maire, dá maireoċaṫ lóṫeṗ, ir corṁail go mbaṫ ċruaġ leir an bail reo ar a ċaiṫe féin agur ar mo Mac-ra!" *Quis est homo qui non fleret, Christi matrem si videret in tanto supplicio?* Cia an duine naċ gcaoinfeaṫ Criosṫ do béaṫ aġ éirteaċt leir an Maiġoin nglóṁair ar an gcainnt reo rá bun na croiṫe, agur gur ab é congnaṁ dóláir do bí aici ó'n gcineaṫ lúdaiġeaċ beiṫ dá bṫaicfin aġ cur éadaiġ maġaiṫ amaṫáin air agur aġ imirt a ċuid éadaiġ féin le h-uiṁar oirle! Ó a Máṫair na roillre, ir boċt doġṫainneaċ do ġléar 7 ní h-iongnaṫ tú aġ ṫáṫ na mbṫiaṫar úd aġ an bṫáiṫ leiṁeiṁar: *O vos omnes qui transitis per viam, attendite, et videte si est dolor sicut dolor meus!* "Ó! a luċt ṫiubail na gliġeaṫ tuġaiṫ dá bur n-aire 7 féaċaiṫ go glinn an bṫuil doġṫainn ar doṁan ar mó 'ná mo doġṫainn-re" (Tṫiaṁna ler. i. 12)? Ní ċáinig ṫin, a ċáiṫe ġṫáṫaċa, agur ní ċiocfaiṫ go deireaṫ an doṁain ṫruaġ ar mó 'ná an Maiġdean ġlóṁaṁ inniu. Ar dá áṫbaṫ, ar dtúir fá 'n-a céid-ġein cloinne d'oil agur d'altṁom fí féin agur í i dtaoḃ leir mar ċloinn; an dara h-áṫbaṫ, níor fulaing an céid-ġein cloinne reo aiċir, imṫeaṫgaṫ, marla, mío-ṁoṫ, pian ná pionóṫ nár fulaing ṫire mar an gcéadna; óir mar aṫeir an fealltaṁ: *Anima est magis ubi amat quam ubi animat.* "Ir mó bíor an Criosṫe 'ran gcorp i n-a mbíonn a ġráṫ 'ná ran áit a mbíonn ré féin ar iomċar." Dá bfiġ ṫin, ar ṁéad ġráṫa Muire ar a céid-ġein cloinne, gur mó bí a h-anam ann 'ná innte féin!

Do ċráiṫ doġṫainn Muire Íosa mar gaċ níṫ eile,

agus tug sé claonadh ar a ceann 'san gcroic ag rádh: *Mater, ecce filius tuus* (Eoin xix. 26)—"A Máthair mó-mhilis, de bhíg go bfuil fíor méid do dhílgir agam, ag so duit mar mhac agus mar dhalta Eoin, mo deirgiobal gráidhe féin, do ghráduig mé riamh tar cáċ agus do déanfaidh m'ionad-sa duit feasta." Do claon aris ar Eoin do bí 'na fearadh ór a comhair ag rádh: *Ecce mater tua* (Eoin xix. 27)! "A mhic, ní fuil agam le rádh leat acht gur sin í do mháthair annsin, agus de bhíg go bfuil fíor agat riamh méad a cúraim ionnam-sa, déin-se cúram feasta 'na timcheall sin agus déin m'ionad-sa dí agus mo beannacht lib!" 'Na diaig seo tug sé aghaidh ar a Athair neamhda ag rádh go truaig-méileach bocht: *Pater ignosce illis quia nesciunt quid faciunt* (Lúcás xxiii. 34). "A Athair thrócairig, maith dóibh seo," 'sé sin, "maith do'n mhuinntir seo atá dom' cur-sa cum báis, de bhíg nach bfuil fíor aca chéad atáid dá déanamh;" ionann sin le rádh, "A Athair thrócairig, ní dod' guidhe mar bheitheamh atáim ag iarraidh do bhforthuigthe cum dioghaltais do déanamh ar m'earcáinidh; acht táim dod' guidhe mar Athair lán de thrócaire, ionnas go mbaidh deonach leat, ar uct milleadta an anma so agam-sa, an coir seo do maitheamh dóibh; ir mó mo chion-sa ar fláinte na noaoine, agus ir uairle liom mar atcuinge é 'ná mo beatha féin. Dá bhíg sin, a Athair thrócairig, ir mó an meas ir córa duit do beit agat ar an scaiteannas do-beir orm-sa mo chuid fola do dhortadh go fonnmhar ar a son 'ná ar an olc sin. *Dimitte ergo illis* mar nach maitheas an coir nó go ndéinteas leoir-sniomh 'san ngnoi. Féach gur goideadh torad an chrainn choimeasgta i bPardhas; féach mar éirig annsin mire inniu mar thorad crainn na croice! Glac sin mar fáram agus mar leoir-sniomh

inr na fean-fiaċaib rin." Ó! a Mhic na ngrás, ir aiṫbéil méad do ċaiṫannaċta an tan atá tú ag iarraiḋ maiṫeamhnair do'n mhuinntir do ċuir 'ra prioċt rin tú agus gan de ṫruaġ aca rin duit-re aċt ag méaduġaḋ do ṗéine gaċ trát! Ó! a luċt aontuiġṫe na noiabal, naċ bfeiceann rib na dúile boḋra, balba ar ċlaoċlóḋ rá bár Ċríosd, agus rib-re amháin neamhoḃuiġṫeaċ? Féaċ an claoċlóḋ! *Velum templi scissum est in duas partes, terra mota est et petrae scissae sunt et monumenta aperta sunt et multa corpora sanctorum qui dormierunt surrexerunt.* "Féaċaiḋ, do rinneaḋ dá ċuid de mhullaċ an teampaill go talamh, do maoṫuiġ an talamh féin ċun bruiṫe, do rgaoileaḋ na carraigeaċa d'oṫgluaḋ na tuambaí agus d'éiriġ mórán de ḋaoinib marḃta" (Maṫa xxvii. 51, 52). Ór a ċionn go *tenebrae factae sunt super universam terram* (Lúcás xxiii. 44), 'ré rin, do bí an domhan go léir lán de ċeo agus de ḋorċadas; agus ir é ċiallruiġeas an dorċadas rin go raiḃ na dúile uile lán de náire agus d'aiṫméala rá'n éagcóir do rinneaḋ ar a gcruṫuiġṫeoir agus annroin do ċonnacadar méad na h-éagcóra do rinneaḋ air. Níor leig náire ḋóib iad féin do ṫairbeánaḋ aċt iad féin d'ṫolaċaḋ le h-úrḋúbaḋ na gréine. Má ṫairbeánadar na dúile boḋra, balba an oireas rin de lionnduḃ agus de ċaṫuġaḋ rá bár Ċríosd gur cuireaḋ culaiḋ ḋub agus liḃré cumha orra féin, créas baḋ ċóir ḋúinn-ne do ḋéanamh de briġ gurab ar ár son do céaraḋ é agus naċ ar son na dúile mboḋar mbalḃ. Adeir Naomh Ieróm, *Omnis creatura compatitur Christum et solus homo non compatitur.* "Ní'l créatúr ar biṫ naċ raiḃ truaġ aige do Ḋia aċt an duine amháin," agus gur ar son an duine d'ṫulaing sé an méad ro do ċionn rib. Ó! a ḋuine irreannḋa, i mór do ḋall an

diabal do ċuigse, ir mór do ċtor ré do ċéadaḋ naċ féidir leat tiuaġ do beiṫ agat d'Íosa do céaraḋ i gcrann na páise agus d'aiṁṫeoin a bṫuil dá ḋéanaṁ air gurab é ar comṫáḋ ḋó ar do ṡon *Sitio* (Eoin xix. 28); 'ré rin go bṫuil tart ar Íosa de bríġ gurab é ar tart ann, mian neiṫe do béaḋ fuar fliuċ. Uime rin adeir Cyrillus gur de na pianaiḃ ar ġéire d'fulaing Criost 'san gcroiċ an tart corporḋa. Ní h-iongnaḋ ro agus an méad do ċuir ré d'allus sola de ag iomċar na croiċe agus a beiṫ noċtuiġte innte go h-áiro le teas gaoiṫe agus gréine! Ó! a Ṫigearna, mo ċeirt oirt créad é an éagcaoine do ġníḋ tú ar ṗiantaiḃ an béil aṁáin agus gan ball de' ballaiḃ raor ó péin. Óir do réir tairbeánta Ḃriġde Naoṁta do buaileaḋ cúig ṁile agus ceiṫre céad agus deiċ mbuille agus trí ṫiġid de rgiúirre oirt, ar ṁoḋ naċ dtuigim créad an t-áḋbar naċ ngearánann tú na baill eile ċoṁ maiṫ agus gearánann tú an béal! Créad ar naċ dtuigeann tú, adeir Criost, gur le déanaṁ ríoċa i bpeacaḋ Ádaiṁ do ġlac mire an ċolann daonna, agus de bríġ gur le h-ainṁian agus le mí-ṁeasarḋaċt an béil agus na teangan do ṫárla rin ní neiṁ-iongantaċ mire dá éagcaoine mar ċobair ar ar fil gaċ uile olc dom' ionnsuiḋe. Áḋbar eile, de bríġ go bṫuil pian agus céaraḋ na mball eile foiléir ro-feicsiona ag gaċ aon mar adeir Isaias, ṗáiḋ, 'san céad ċaibidil, *A planta pedis usque ad verticem capitis non est in eo sanitas.* "Níl aon ball slán ó ṫráċt a bonn go mullaċ a ċinn gan pian, gan treaġoaḋ" (Rann 6), gideaḋ, atá pian an béil agus na teangan i bfolaċ agus d'eagla go silfiḋe go mbéaḋ an oiread rin aṁáin raor ó pian agat, 'ré rin do-beir oirt a ráḋ go bṫuil tart oirt! Ó! a Ṫigearna, ir iongnaḋ liom méad do ṫarta agus gur domblas do

ḋeoċ! Is ionġnaḋ liom méaḋ do ċaiṫe aġus naċ cuiṁin leaṫ, an uair do ṫug Fiolóit bpeiṫeaṁnaṫ báir oiṫ, ġur cuireaḋ coṁóin fṡíne i mullaċ do ċinn! Is ionġnaḋ liom nár ċoiṫġ na fṡoċa fola do bí aġ cuicim in do ḃéal do ċaiṫ! Ná bíoḋ ionġnaḋ oraiḃ, aḋeir Críosṫ, óir is minic mé ḋá innsin oíḃ naċ fáṫ ionġantair cócaireaċt ar biṫ ḋá nḋearnaḋ ar mo ċorp-sa, aġ polladh mo láṁ, mo ċoṫ aġus mo ċinn, mar do ċaṁġair an ṗáiḋ Ḋáiḃiḋ: *Foderunt manus meas et pedes meas et dinumeraverunt omnia ossa mea* (Sailm xxi. 17, 18). Cár ḃfuláir na ceiṫre fṡoċa so do leiġean amaċ do ġlanaḋ an ċiniḋ ḋaonna? Cár ḃfuláir na ceiṫre fṡoċa so do ḋoṫaḋ do ṫabairt leoiṁ-ġníoṁa do na fubailciḋiḃ caiṁiṁéalta ionnar naċ mbéaḋ impeaṙán eaṫorra? *Misericordia et veritas obviaverunt sibi iustitiam ut in pace sint* (Sailm lxxxiv. 11). Is deiṁin, a ċáiṁde, má's mian liom labairt ar ċéill ṗáċ-púnta an ṗocail seo, *Sitio*, ġurab é ṫrom-ṡláinte na n-anam é; mar aḋeir Naoṁ Aiḃiṫtín: *Sitio salutem animorum*; tá ṫaṁ ḃur sgeiḋiṁ oṁ agus is mó atá ré ḋom' ġoin 'ná mo ṗian ṗéin. Ó! a ṁíoṫaiḋe ċroiḋe, ná ṫéiġ an Dia céaḋna so innsiu ar níḋ ar biṫ. Féaċ ar a liaċt cneaḋ agus créaċt air ar do ṗon! Féaċ na cúig míle ceiṫre céaḋ agus na trí cneaḋaċa agus trí ṗiċiḋ d'fulaing ré innsiu ḋod' ṡaoraḋ-sa ar ġeiḃeann na noiaḃal. Glac leis innsiu agus aṫṁuiġ. Má tá sglannc ċéille ionnat do-ḃéarṡaiḋ tú ġráḋ ḋó ar son a ċomaoine.

Deaṁḃuiġim ḋuit, a ċaṙaid, ḋá mbéaḋ intleaċt agus teanga a dtáinig agus a dtiocsaiḋ de ṡíol Áḋaiṁ agam an láṫair seo, naċ dtiocsaḋ liom an ṡiċeaṁaḋ míle cuid do ċomaoin Críosṫ ar an té ar úir-ísle annso innsiu do ċur i gcéill; agus, a ċaṙaid ċroiḋe,

ó'r níó é do ċuaió ór cionn tuiġre aguṡ intleaċta duine d'ḟairnéir, iarṁaim oṁc do ḟúile ranntaċa, raoġalta, colnaiḋe do ḋúnaḋ i ríoċċáin na ḟola ríoṁuairle le n-ar ḟuarġlaḋ riḃ, buṁ ḟúile creiḋiṁ aguṡ coinṁiair d'oṁġlaḋ. Tuġaiḋ aon aṁaṁc aṁáin leo ar ṗṁiorún duḃ, doṁċa tiġe iṁṁinn. Ṗéaċaiḋ a liaċt leoṁan ann, a liaċt driaġún criaor-oṁġailte, ciocraċ, conṡaḋaċ do bí le h-aġaiḋ buṁ dtuairġain; teine naċ ṡéiḋiṁ do ṁúċaḋ aguṡ ṁeaċta naċ ṡéiḋiṁ do leaġaḋ i ġceáṁḋa tiġe iṁṁinn! Ṗéaċaiḋ a liaċt riaṅ aguṡ rionóṁ eile naċ ṡéiḋiṁ do ċuṁ i n-ómuġaḋ maṁ aoḋiṁ lób: *Ubi nullus ordo sed sempiternus horor inhabitat.* "De bṁíġ naċ bṁuil ann aċt ġṁáin aguṡ uaċḃár ríoṁṁaiḋe" (lób x. 22). Tóġḃaiḋ buṁ ḟúile ó iṁeann aguṡ tuġaiḋ aon aṁaṁc aṁáin leo ar Ċṁíoṁt, ór Slánuiġteoiṁ, i ġcṁann na páire; ṗéaċaiḋ a ċoṁp criéaċtnuiġte, caoḃ-ḟoṁġailte dá buṁ raoṁaḋ aguṡ dá buṁ ráḃáil ar ċṁaoṁaiḃ, ar leoṁanaiḃ aguṡ ar ḋriaġúnaiḃ diabhlaiḋe tiġe iṁṁinn. Ṗéaċaiḋ na h-úiṁe aġ bualaḋ na dtaiṁṁgiḋe aguṡ na taiṁṁgiḋe maṁ iṁneoin aġ dul i ġcoṁṁ Ċṁíoṁt dá buṁ raoṁaḋ aguṡ dá buṁ ráḃáil ar ċéaṁḋaiḃ aguṡ ar ġaiḃniḃ tiġe iṁṁinn; aguṡ ir deiṁin, a ċáiṁḋe muna nglacaimío triuaġ ḋó aguṡ ṁinn ṗéin d'ḟilleaḋ ó loċtaiḃ 'na bṁuilmío ġuṁ míle mó an céaraḋ do béaṁaimío air 'ná maṁ ċimío inoiu ó'n ġcineaḋ lúḋaiġeaċ! Ir mó, ġan aṁṁar, a ċṁíoṁtaiḋe, ċéaraṁ tú é le ġaċ aon ṡeacaḋ maṁḃaċ do ḋéanann tú; 'ṡé ṁin uabaṁ, ṁainnt, briúṁ, tnúṫ, criaor, ṡeaṁġ, aguṡ leiṁġe, 'ná an méaḋ atá ṡé aġ ṁaġḃáil, ar ṁoḋ naċ dtuġaimío ṁliġe ḋó ar ṡéaċain go ġṁinn ná go tríócaiṁeaċ oṁainn!

Ir meaṁa leiṁ_méaḋ ár noíombuiḋeaċaiṁ ṡá ṁaṁla d'ḟulaṅg ar ár ṁon_'ná an méaḋ rionóiṁ atá ṡé aġ

fagbáil, mar adeir Naomh Aibirtin. Ná bímíd, dá brígh seo, díombuidheach, agus smaoinimíd gurab é do chuid i n-urradhas an ár seo; an uair nár b'féidir linn féin ár saoradh, do fhág Íosa Críosd agus do thug díolaidheacht le n-a chuid fola 'nár bhiadhaibh! Ó! a charthannacht ór chionn gach carthannacha agus a ghrádh do fháimid gach grádh, óir cá bhfuil grádh ann ar mó 'ná duine do thabairt anma ar son a chéile?—*Maiorem charitatem nemo habet quam ut daret animam suam quis pro amicis suis* (Eoin xv. 13). Mairg, is mó 'ná sin carthannacht Chríosd, óir nuair bíomar 'nár n-eascáirdibh aige do thug sé é féin ar ár son, agus do bhí ag an ndiabhal ar ár n-anmannaibh agus do cheangail do'n chroich í. Ó! mo thruagh géar an daoine seo do béadh ar chroich-eadhradh agus gé go raibh an t-eadhradh go h-olc ní luighidhe do chuid feidhm mhaith innte d'eagla go dtiocfadh an mangaire meabhlach, cealgach, mío-rúnach .i. an diabhal, agus go mbéadh sé chuige féin í.

Siúd an cnoc 'na bhfuil an fiosa faidhbir cortaghach; siúd an cnoc 'na bhfuil eadhaidhe an domhain dá ndíol i n-airgead indiu! A chéadsa chroidhe, téanam ar an gcnoc so Calbairí, agus do geobair gach eadhradh dá bhfuil d'eadhaidh ort. Má'r coróin atá d'fheidhm ort, siúd í an choróin fhíne ag dul go cnámh agus go h-inchinn i gCríosd, cóg féin agus cuir ar do cheann í, agus geallaim duit gur míle mó do luach-saothair ar a son 'ná dá gcuirfeá coróin ríoghda ort 'na mbéadh péarlaidhe agus clocha uaithle go talamh. Má'r hata cheartuighear uait nó éadach cinn ar bith eile, siúd é án púicín ar Íosa agus an ceitheamh diabhlaidhe ag gabháil de bharaibh agus de dhóighibh air ag rádh—*Prophetiza nobis quis est qui te percussit!* "A bhiteamhaigh, innir

dúinn cia do buail tú!" (Mata xxvi. 68). Má'r aibío atá uait nó gúna mór-luaig ar bit eile giúd é an cóta amadáin gá Críort agus é dá leagad ar a béal agus ar a aġaid i laṫaig na gráide agus déan éadaċ cuirp de. Má'r glac mór ċubaid atá uait giúd é an gar gíolcaiġe agus cáċ uile ag fonomaid faoi ag gáḋ: *Ave Rex Iudaeorum, et dabant ei alapas* (Eoin xix. 3). Má'r criog atá uait, giúd é an pópa caol, cruaid ag fárgaḋ a ċuid fola ioir feoil agus leaṫar! Má'r biaḋ nó deoċ atá de díṫ ort, giúd é an biaḋ blasda agus an deoċ fíor-fláinte .i. a fuil agus a feoil! Má'r reomra codalta ar mian leat d'faġbáil, giúd é an reomra méid agus an dorar orgailte .i. daob íora ar n-a ċollaḋ leir an gleaġ! Má'r díol cruaiġe atá uait, cá bfuil díol cruaiġe ar mó 'ná ár Máṫair boċt ar dóigiam a h-Éin-Mic agus a céid-ġein cloinne; agus Mac Rioġ dá ġroċaḋ gá ġoid ubaill 7 naċ é féin do ġoid é aċt mire Áḋaim 7 mo fean-aṫair Áḋaim eile. Má ċeartuiġeann nior mó de'n earraid go uait, bíoḋ fíor agat naċ bfuil deiread le h-earraiḋiḃ an ċnuic seo go brád.

Bíoḋ fíor agat gurab uime d'fulaing Críort an méad do inoiu ionnar go mb'féidir leir an nío, do ċeannuiġ ré féin go daor, do brionnaḋ ort-sa i n-airge agus gan de díolaiġeaċt aige dá iarraid ort aċt amáin gráḋ díorraide do ṫabairt dó dá ċionn. Fíaruiġim díot, a ċara ionmuin, dá mbrionnfaide an méad earraide atá i Lonndain nó i bPairir ort, dar nduiġ, ir mór an gráḋ do béaḋ agat do'n bhionntaiġ sin duit agus baḋ duine díomḃuideaċ tú, gan amharc, muna mbéaḋ. Maire, cad é an gráḋ ar cuibe duit do ṫabairt d'Airo-Rígh nime agus talmain atá ag brionnaḋ, ní h-é amáin earraide

Lonnoain nó Paipir oir nó neiċe beaga, fuapaċa, faoġalta, fo-ċaiṫṁe eile, aċt flaiṫeaṁnar Dé aṫá fíorpaiḋe, do-ċaiṫṫe agur do ċuaiḋ ór cionn cuigṫe an doṁain d'foillpiuġaḋ.

'So an eapraḋ náp ṁalairt Muipe Máṫair, náp ṁalairt an ġaouiḋe 'pan ġcpoiċ. Féaċ, dá bpíġ pin, ap Muipe; féaċ oílpeaċt agur deaġ-ċpoiḋe Coin le'p ráġḃaḋ caob leip í. Féaċ aiṫpiġe an ġaouiḋe 'pan ġcpoiċ ag páḋ le Cpíopt: "Cuiṁniġ opm-pa, a Mic Dáiḃiḋ, nuair do ṫiocpair id' Ríoġaċt" (Lúcáp xxiii. 42). Muna mian leat pómpla do ġlacaḋ de'n ṁuinntip peo, féaċ uṁla, úip-íplеaċt, poiġiḋe agur boiċte an tSlánuiġṫeopa féin! Tá pé boċt i ġcúiġ ċáraiḃ inoiu. Ap otúip tá pé boċt i muinntip, óip do ṫeiṫeadap na h-abrtail uaiḋ. Tá pé boċt i ġcáipoiḃ, óip níl aon duine aige do labapraḋ pocal ap a pon. Tá pé boċt i n-éadaċ, óip do paoḃaḋ ap a ċuid éadaiġ é agur do cuipeaḋ éadaċ magaiḋ amaḋain air. Ta pé boċt i mbiaḋ agur i noiġ, óip níl aige aċt domblap agur pínéagpa. Fá ḋeoiġ, tá pé boċt i noúċaiġ, óip níop ráġḃaḋ leiṫeaḋ a ḋá bonn ap uiliáp na cpoipe aige nó gurḃ éigean a ḋá ċoip do ċuip fá aon taipnge aṁáin i ġcpann na páipe. Uċ mo ṫpuaġ! mo ṫpuaġ! mo ṫpuaġ! mo ṁíle ṫpuaġ! Meapamaoid-ne pinn féin do beiṫ boċt agur a pocapaċt agur a pocaṁlaċt do ġeibmíḋ an raoġal aḋ' ṫarpac-pa. Uċ! mo ṫpuaġ! Naċ otuigimíḋ an méad po d'fuilingir ap ór pon agur gurab é ap púnn dúinn-ne i noiaiḋ an ṁéiḋ peo tú do ṫréigean ap neiṫiḃ puapaċa, fo-ċaiṫṁe an traoġail peo!

Cia againn naċ noéapraḋ gurḃ olc an poġa do puġ an cineaḋ lúḋaiġeaċ, nuair do ḋiúltaḋap do Chíopt agur do ġlacaḋap leip an mbiṫeaṁnaċ Baṙabbar. Ip

meara finn-ne go mór 'ná an cineadh lúdaigeach, óir ir meara an peacadh 'ná Barabbar agus 'ré an peacadh do beirimid-ne de fogha. Ní h-áil linn Dia, act uabar, fainnt. Ní h-áil linn Dia act meirge, mácair na n-olc, cailleamain na h-aimrire, long-bruidh na geanmnaidheacta, cúir agus deighidh gach mí-ghinn. Ní h-áil linn Dia agus aoibneas fíorfhaidhe atá dá orfháil dúinn, act ár n-antoil bréagach, claoin-meabhlach, tubairteach tarfhaingear finn i mearg na nduabal malluighte bíor ag fritheálamh agus ag fheartal na bpian doo-fhulangta dúinn an fead mairfeas Dia ag caitheamh na glóire.

